



# ELeathanach 434

Dé Luain, an 13 Márta 2023



## Seachtain na Gaeilge 2023

Tiocfaidh deireadh le Seachtain na Gaeilge 2023 Dé hAoine, ar Lá Fhéile Pádraig. Is lá an-speisialta d'Éireannaigh ar fud an domhain é, toisc go mbíonn daoine ag ceiliúradh chultúr agus stair na tíre.

Bíonn paráidí ar siúl i mbailte agus i gcathracha ar fud na tíre agus fiú ar fud an domhain. Cuireann siad dath glas san uisce in Abhainn Chicago gach bliain le breis is seasca bliain anuas. Bíonn féilte agus searmanais i níos mó ná 200 tír.

Tagann na mílte ó gach cearn den domhan go hÉirinn gach bliain chun ár gcultúr, ár dteanga agus ár n-oidhreacht a cheiliúradh linn. Is lá mór é d'Éireannaigh gan amhras.

## Scannán nua i sraith Harry Potter

Tá seacht leabhar agus ocht scannán mar chuid de shraith *Harry Potter* go dtí seo. Tá dhá chuid sa scannán *The Deathly Hallows* agus is í sin an chúis a bhfuil scannán sa bhreis sa tsraith.

Leanann an tsraith an draoi óg, Harry Potter agus a chairde, Hermione Grange agus Ron Weasley. Bhí siad ag freastal ar an scoil draíodóireachta, *Hogwarts*. Is í J.K Rowling a scríobh na leabhair sa tsraith.

Go dtí seo tá \$7.7 billiún tugtha isteach ag na scannáin. Creid é nó ná creid, ach d'fhógair Warner Bro's le déanaí go mbeidh scannán nua *Harry Potter* sna pictiúrlanna i gceann ceithre bliana. Tarlóidh an scéal dhá bhliain déag tar éis an scéil deiridh. Dea-scéal do lucht leanúna Harry Potter.



## Michael Jordan: imreoir cispheile flaithiúil

De réir an NBA, is é Michael Jordan, nó MJ, an t-imreoir cispheile is fearr riamh. Bhuaigh sé 6 chomórtas leis an bhfoireann *Chicago Bulls*. Anois is fear gnó é agus tá sé an-saibhir ar fad.

Bhí breithlá mór ag MJ le déanaí agus é 60 bliain d'aois. Chun an ócáid a cheiliúradh thug sé \$10 milliún don charthanacht *Make a Wish*. Is í seo an tsuim airgid is mó a fuair an charthanacht ó dhuine amháin riamh.

Le linn na paindéime, thug MJ dhá mhilliún do charthanacht eile, *Feeding America* agus chabhraigh an t-airgead sin go mór le daoine ag am dúshlánach.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-  
Oideachas, Ollscoil Mhà Nuad,



Coláiste Mhuire,  
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilchta & Gaelscoláochta

